# Grúpa Stiúrtha Chonairí Digiteacha
# na Mac Léinn
# Téarmaí Tagartha, Meitheamh 2019

## Cúlra

Tá Réiteach reatha Thaifead na Mac Léinn comhdhéanta de roinnt bogearraí tríú páirtí (Quercus, Akari, Syllabus plus, Blackboard Grade Centre, Ellucian CRM), réitigh tríú páirtí ar leith (Exam Modelling Tool, Online Results Entry, Results Capping tool, Starlight – Staidéar Iarchéime) agus forbairtí intí (torthaí ar líne/amchláir scrúduithe, tuairisceáin reachtúla).

Cuireadh an príomhchóras lárnach, Quercus, i bhfeidhm in 2001, agus cuireadh na córais "satailíte" eile i bhfeidhm idir an dá linn de réir mar a tháinig riachtanais éagsúla agus feidhmeanna tairbhiúla chun cinn.

Bunaíodh an clár Conairí Digiteacha na Mac Léinn chun dul i ngleic le príomhdhúshláin mar atá;

- Córas Taifead na Mac Léinn atá ag dul in aois nach bhfuil oiriúnach don fheidhm a thuilleadh.
- An baol go dteipfidh ar an gcóras ag am cinniúnach, ag brath an iomarca ar chomhaltaí foirne áirithe chun a chinntiú go n-oibreoidh sé.
- Leibhéal ard castachta agus idirghabháil ó dhaoine sa phróiseas agus sna córais reatha.
- Níltear ag comhlíonadh riachtanais ghnó faoi láthair agus tá tionchar aige seo ar an gcumas tairiscintí solúbtha costéifeachtacha a fhorbairt.

Caithfidh an Ollscoil Réiteach Thaifead na Mac Léinn nua a thabhairt isteach d'fhonn na rioscaí agus an chastacht a laghdú chomh maith leis an tsolúbthacht a éilíonn an Ollscoil anois a chumasú.

Déanfaidh an clár seo measúnú ar na táirgí atá ar fáil ar an margadh agus ar na réitigh reatha go léir atá i bhfeidhm in OÉ Gaillimh. Beidh an Réiteach Taifead Mac Léinn is fearr do OÉ Gaillimh don todhchaí roghnaithe ansin, réiteach a chuireann na riachtanais, na próisis, an fheidhmiúlacht, an tsolúbthacht agus an inbhuanaitheacht (acmhainní agus costais) a theastaíonn ar fáil. Toisc go bhfuil scóip na hoibre seo lárnach i bpróisis riaracháin na hOllscoile, beidh tionchar dá bharr aige ar na daoine a úsáideann na próisis seo.

I gcomhthreo leis an gclár, is dóigh go gcaithfear leibhéal claochlaithe eagraíochta a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir na tairbhí a bheidh ar fáil don Ollscoil tríd an gclár seo a bhaint amach. Éileoidh sé seo bainistíocht athraithe suntasach chun a chinntiú go mbeidh cumarsáid agus ullmhúcháin iomchuí i bhfeidhm ar fud na hOllscoile. Ag brath ar leibhéal an athraithe a chomhaontaíonn an grúpa stiúrtha seo, beidh athruithe polasaí agus nós imeachta na hOllscoile ag teastáil. Teastóidh maoiniú breise ón mbainistíocht athraithe seo.

Baineann an tionscadal tosaigh sa chlár seo le hullmhú agus ullmhacht soláthair laistigh de OÉ Gaillimh. Tugtar cuspóirí an tionscadail seo thíos. Agus tú ag tabhairt faoi chlár chomh mór leis seo

agus chomh casta leis seo tá sé tábhachtach tacar cinnte riachtanas, nó cumais, a leagan síos chomh maith leis an gcur chuige a ghlacfar i leith na hoibre.

Míneofar céimeanna tionscadail ina dhiaidh sin de réir mar a théann an clár ar aghaidh agus tá a gcuspóirí ginearálta curtha ar fáil thíos.

## Cuspóirí

Déanfaidh an grúpa stiúrtha maoirseacht ar an méid seo a leanas;

Céim 1 – Soláthar & Ullmhacht

a. Riachtanais & Raon feidhme: tacar mionsonraithe riachtanas, próiseas agus feidhmeanna a fhorbairt i réimse na Bainistíochta Taifead Mac Léinn
b. Ullmhacht Institiúideach: Eolas ar riachtanais Ollscoile reatha agus amach anseo a fhorbairt mar aon le tuiscint ar na roghanna réitigh atá ar fáil. Léargas ardleibhéil ar thionchar athraithe ar an Ollscoil
c. Plean cumarsáide do na céimeanna ina dhiaidh sin
d. Ceistiúchán réamhcháilíochta a eisiúint, mar aon le cáipéis riachtanas gaolmhar mar ullmhúchán do Dhíoltóir(í) a roghnú
e. Cinneadh agus comhaontú maidir le bealach/roghanna Soláthair a gcloífear leo sa chuid eile den tionscadal
f. Plean Imlíne lena n-áirítear costais, acmhainní agus amlíne do Chéim Soláthair an tionscadail.

Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha seo clár amháin a bhainistiú a bhfuil sruthanna oibre éagsúla ann.

## Raon Feidhme

Déantar raon feidhme an tionscadail a roinnt sna sruthanna oibre seo a leanas.

### Obair Riaracháin

- Earcú Mac Léinn
- Iarratas ó mhic léinn
- Clárú Mac Léinn
- Bainistíocht airgeadais mac léinn
- Dul chun cinn na mac léinn
- Bainistíocht cásanna na mac léinn (CRM)
- Monatóireacht tinrimh
- Gairmeacha na mac léinn agus socrúchán oibre
- Tairseach chomhéadan na mac léinn

### Dearadh Curaclaim

- Pleanáil agus bainistíocht curaclaim
- Sceidealú/amchlár ranga
- Amchlár Scrúdaithe
- Próiseáil Scrúdaithe/Measúnaithe

## Obair Theicniúil

- Sonraí: Aonáin, Comhtháthú, Imirce
- Raon Teicniúil
- Tacaíocht feidhmchlár shoghluaiste
- Anailísíocht tuairiscithe
- Uirlis suirbhé chomhtháite
- Bainistíocht Conartha
- Cur i bhFeidhm
- Díchoimisiúnú & Cartlannú
- Bainistiú Foirne

## Buiséad

€150,000 a thabharfar do Chéim 1 den chlár. Is d'acmhainní tiomnaithe a úsáidfear an buiséad seo de réir mar is gá.

## Róil

- Tá bainisteoir an chláir freagrach as cruinnithe/cláir oibre/miontuairiscí a shocrú.
- Beidh bainisteoir an chláir freagrach as nuashonruithe ó na boird tionscadail a chomhordú agus aird a tharraingt ar shaincheisteanna agus ar rioscaí a bhaineann leis na tionscadail lena mbreithniú ag an ngrúpa stiúrtha.
- Cuirfidh comhaltaí an ghrúpa stiúrtha le bainistíocht iomlán an chláir, cinnteoidh siad tiomantas acmhainní agus nuair is cuí feidhmeoidh siad mar fheidhmeannach tionscadail do thionscadail.

## Ballraíocht

| Teideal | Ainm |
| --- | --- |
| An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach) | An tOllamh Pól Ó Dochartaigh |
| An Rúnaí Gnóthaí Acadúla | Caroline Loughnane |
| An Sparánaí | Sharon Bailey |
| An Príomhoifigeach Oibriúcháin | John Gill |
| Déan Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh | An tOllamh Cathal O'Donoghue |
| Déan Choláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí & an Dlí | An tOllamh John McHale |
| Déan Choláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte | An tOllamh Timothy O'Brien |
| Déan Choláiste na hEolaíochta & na hInnealtóireachta | An tOllamh Walter Gear |
| Déan na Mac Léinn | An tOllamh Michelle Millar |
| Stiúrthóir Eatramhach an Riaracháin Acadúil | Tara Leydon |
| Stiúrthóir Réitigh & Seirbhísí Faisnéise | Seán O Farrell |
| Bainisteoir Cláir | John Lavelle |

## Eisithe ag

Bainisteoir Cláir – John Lavelle